# AR CHUALA TÚ?

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## CAMPA MOL AN ÓIGE CHONAMARA LÁIR



Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir, i gcomhar le Muintearas, an campa spraíúil agus bríomhar seo a reáchtáil arís i mbliana idir an 17-21ú Iúil.



D'fhreastail 24 gasúr ar an gcampa a bhí ar siúl i Halla Pobail an Chaisil. Campa Gaeilge a bhí anseo lán d'imeachtaí agus cluichí iontacha. Dúirt duine de na tuismitheoirí:
"Tá an campa seo ar fheabhas mar déanann na páistí an oiread sin gníomhaíochtaí. Téann mo mhac gach bliain agus is é seo an campa is fearr leis. Is deas campa samhraidh a bheith agat a dhéanann níos mó ná spóirt amháin. Déanann siad cócaireacht, ealaín & ceardaíocht, eolaíocht agus eile. Is maith iad na cóitseálaithe go léir atá páirteach ann, déanann siad jab iontach".

Buíochas mór le Fiona Bhreathnach a bhí os cionn an champa agus le Méabh Ní Dhomhnaill agus Brenda Ní Chlochartaigh a bhí ina gcúntóirí.








# Scoil Samhraidh an Phiarsaigh
# 27-28ú Iúil 2023

Cuireadh tús breá le Scoil Samhraidh an Phiarsaigh tráthnóna Déardaoin tar éis sos cúpla bliain mar gheall ar an bpaindéim. Reáchtáladh imeachtaí ceoil agus cainte thar dhá lá in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh.

Tugadh na rannpháirtithe ar thuras timpeall Theach an Phiarsaigh agus an ionaid féin tráthnóna Déardaoin. Chuir Máirtín Ó Donnchadha, Oifigeach Forbartha na Gaeilge ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, fáilte roimh chách agus ansin thug Dónall Ó Braonáin agus Seosamh Ó Cuaig cainteanna suimiúla faoin bPiarsach.
Ina dhiaidh sin, chuir an t-aisteoir agus scríbhneoir Diarmuid de Faoite mír bheag drámaíochta den scoth ar siúl bunaithe ar shaol Phádraig Uí Chonaire. Lean an tráthnóna ar aghaidh le píosaí breátha siamsaíochta ó cheoltóirí óga Chomhaltas Charna, Caitríona Ní Cheannabháin, Máirtín Ó Cualáin agus ó na damhsóirí Colene agus Evelyn Ní Niadh.
Maidin Dé hAoine, d'oscail an Comhairleoir Liam O' Carroll, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an ócáid go hoifigiúil. Ina dhiaidh sin, thug Seosamh Mac Donnacha léacht faoi 'An Ghaeilge agus an Ghaeltacht - ag Breathnú Siar agus Chun Cinn'. Ansin, rinne painéal, faoi chathaoirleacht Eimear Uí Chonaola, plé ar an ábhar 'An bhfuil an Ghaeilge ag Fáil níos Laige'. Ar an bpainéal sin bhí Seán Ó Cuireáin, Donnacha Ó hÉalaithe, Máire Denvir, Caitlín Ní Chualáin agus Máirín Ní Choisdealbha-Seoige.
Bhí briseadh ann ansin agus chuir Clíona Ní Chualáin agus foireann Tigh Mheaic lón álainn ar fáil. Don chuid eile den lá bhí cainteanna spéisiúla ó Mháirtín Davy maidir lena chuid obair ar 'Pastime Chonamara', labhair Máirtín Breathnach faoi 'Seid Cumann na bhFear' ar an gCeathrú Rua, agus thug Pádraig Ó Fiannachta eolas faoi Chumann Beachairí Chonamara.
Chun an ócáid a chur i gcríoch, bhí rogha ag na rannpháirtithe dul ar thuras treoraithe timpeall Ros Muc chuig ionaid a bhí luaite ag Pádraig Mac Piarais ina chuid litríochta.





## Ócáid Clár Cuideachta



An 21lú Iúil, d'eagair Tuismitheoirí na Gaeltachta, le tacaíocht ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir, ócáid i Scoil Cholmáin mar chuid den Chlár Cuideachta.

Bhí na gasúir breá aclaí an mhaidin sin agus iad ag tabhairt faoi chúrsa bacanna agus rásaí beaga faoi threoir an teagascóra Seán Ó Cillín.

Dúirt na tuismitheoirí a bhí ann ar an lá go raibh sé go deas go raibh a leithead ar fáil don aoisghrúpa sin mar nach mbíonn an deis acu freastal ar imeachtaí eile mar gheall go bhfuil siad ró-óg.

## Club Mara Chonamara Láir- An Chéad Turas sa Naomh Ciarán

**Is Gleoiteog Mhór í an Húicéar traidisiúnta álainn seo atá 28 troigh ar fhad le toillíocht beagnach 5 tona agus í díluchtaithe. Fuair an Club an maoiniú don bhád a bhuíochas leis an tacaíocht iontach cistithe ó Thionscadal Mol Spóirt Pobail Allamuigh Spórt Éireann trí Chistiú na gCuntas Díomhaoin. Ceannaíodh an bád go háitiúil ó Shéan Éinniú i gCill Chiaráin agus chuir Séan oiliúint ar an gcriú nua ar fad maidir le conas aire a thabhairt don Naomh Ciarán agus an caighdeán is airde cúraim a chinntiú mar a rinne sé féin thar na blianta. Tá Seán agus a theaghlach ina mbaill den Chlub freisin, mar sin beidh siad in ann leanúint ar aghaidh ag seoltóireacht inti nuair is féidir.**

**Tá Seán agus Dónal Josie ag cabhrú le baill an chlub an bád a rigeáil, a ullmhú agus oiliúint a chur ar an gcriú ionas go mbeidh an Club in ann páirt a ghlacadh sna geallta bád atá le teacht, ag tosú leis na geallta bád i gCill Chiaráin agus na seachtainí ina dhiaidh sin i gCuan na mBeirtrí Buí agus i gCloch na Rón. Beidh an bád ar fáil do gach ball le seoladh i rith na bliana agus beidh sé feistithe i gCill Chiaráin le haghaidh Club Seoltóireachta Thráthnóna Dé Céadaoin leis na Húicéirí nó beidh sé ag taisteal go dtí na geallta eile, nuair a bheidh na baill in ann cabhrú le seachadtaí.**

**Tá súil againn go mbeidh deis ag gach ball in ann dul i mbun seoltóireachta agus blaiseadh a fháil den Naomh Ciarán i rith na bliana agus fógrófar na chéad chúpla turas / geallta eile trí Ghrúpa Whatsapp Bhaill an Chlub ag tosú i mí Iúil. Dóibh siúd a bhfuil fonn orthu a bheith páirteach sa rásaíocht , ní oraibh ach é sin a chur in iúl do Chiarán "Spud" go díreach ag 087 8800744.**



# Nuacht ó Chlub Lúthchleas Chonamara

Rinne Club Lúthchleas Chonamara iarratas ar Chiste Pobail na bliana seo agus bhí ríméad orthu maoiniú de €300 a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir chun tacú le Lá Spóirt na mBunscoileanna i gConamara Láir a bhí á reachtáil ag an gClub an 14 Meitheamh.



Thug an coiste le fios gur ócáid ar leith é Lá Spóirt na mBunscoileanna don chlub agus do na bunscoileanna Gaeltachta ar fad i gceantar Chonamara Láir. Is é seo an cuigiú bliain a bhfuil an Lá Spóirt ar súil. Is ócáid luachmhar é do ghasúir óga i gceantar Chonamara Láir, chun deis a thabhairt do na bunscoileanna ar fad teacht le chéile in aon ionad amháin agus deis a bheith ag na scoláirí páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt trí mheán na Gaeilge. Is ceiliúradh mór don phobal é, ag cur fáilte roimh scoláirí óga na háite, agus scoláirí ó thíortha eile, atá ag freastál ar bhunscoileanna lán-gaelacha agus a bhfuil blaiseadh á fháil acu den teanga, den chultúr agus den saol sóisialta trí spórt. Tugann na múinteoirí, foireann na scoile, na cóitseálaithe agus na scoláirí spreagadh dá chéile mar agus aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann lenár dteanga dúchais ag an ócáid seo agus ag imeachtaí eile sa gceantar. Dúirt an coiste: “Tugann an maoiniú seo ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir tacaíocht ollmhór don Chlub Lúthchleasaíochta. Is club seachbhrabúsach é Club Lúthchleasaíochta Chonamara agus is beag airgid a thagann isteach, ach amháin an tacaíocht ó dheontais nó ó mhaoiniú mar seo ó Phleanáil Teanga.





**Comhghairdeachas mór ó chroí le foireann Peile na mBan Carna Caiseal a bhuach a gcluiche ceannais f14 ar an 13ú Iúil. Maith sibh a chailíní!**

## *Paimfléad nua- 'Faoi lán tSeoil'*

***Thug Pleanáil Teanga Chonamara Láir tacaíocht do Chumann Húicéirí na Gaillimhe dhá bhliain ó shin chun rásaí a chur ar siúl arís i gConamara tar éis na paindéime. Mar choinníoll den tacaíocht a ceadú, d'aontaigh an cumann bileog le téarmaí seoltóireachta a chur ar fáil do Chonamara Láir.***
***Ina theannta sin, tá eolas eile le fáil ar an mbileog nua chomh maith ar nós piseoga a bhaineann leis an bhfarraige, treo na gaoithe agus ainmneacha na gcuanta.***
***Beidh an paimfléad nua seo á dháileadh ar an bpobal agus cuirfear fógra amach faoi go luath.***






## Nóta Comhghairdis

**Ba mhaith le foireann Chonamara Láir comhghairdeas a dhéanamh le Séamas Ó Concheanainn atá roghnaithe ag an Rialtas le bheith ar an chéad choimisinéir teanga eile. Tagann sé i gcomharbacht ar Rónán Ó Domhnaill atá anois ag obair do Choimisiún na Meán.**
**Is as an Spidéal ó dhúchas do Shéamas agus tá sé ina stiúrthóir ar Oifig an Choimisinéara Teanga i láthair na huaire. Ach roimhe sin bhíodh sé i gceannas ar Ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gCarna agus bhí sé mar bhall de Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir.**
**Guímid gach rath agus ádh ar Shéamas ina ról nua.**

## FOLÚNTAS! *PRÍOMH MHÚINTEOIR, NAÍONRA CHAMUIS*

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Tá Comhar Naíonraí na Gaeltachta ag lorg iarratais do phost mar Phríomh Mhúinteoir luathbhlianta i Naíonra Chamuis, Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus Uachtar, Casla, Co. na Gaillimhe.
Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 6 i gCúram Leanaí (QQI/ FETAC nó a chomhionann) a bheith acu, agus taithí ar obair le páistí faoi chúig bhliana d'aois chomh maith le taithí ag obair mar chuid d'fhoireann. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach don phost seo. Is post páirtaimseartha é seo, ag obair ó Luan go hAoine.
Má tá tuilleadh eolais uait is féidir glaoch ar Oifigeach Forbartha Chomhar Naíonraí na Gaeltachta ag an uimhir 091 595337. Seol litir iarratais agus CV chomh maith le cóip de do chuid cáilíochtaí chuig Mairéad Mhic Dhonnchadha, An tOifigeach Forbartha ag mmd@cnng.ie.
Spriocdháta: **11 Lúnasa 2023**

# RÁSAÍ BÁID SEOIL CHONAMARA LÁIR

***Do Chomórtas Grianghrafadóireachta na míosa seo, shocraigh muid pictiúir a bhailiú de na féilte báid seoil ar fad i gConamara Láir. Seo leanas na buaiteoirí:***



**Féile na mBád, Rosmuc: Duckie Clarke**



**Féile Mhic Dara, Mary Uí Fhlatharta**







**Taobh thuas: Féile na mBád, Cill Chiaráin: Valerie Quintero**
**Ag barr ar dheis: Rásaí Chuan na Beirtrí- Catherine Coxon**
**Ar dheis ag bun: Féile Chloch na Rón- Máire Éinniú**

# Coirnéal Chomhrá



**Aoí na Míosa: Brendan O'Malley**

**Oifigeach Áineasa Allamuigh le FÓRAM Chonamara CLG**

**1.Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort?** Níl

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Both Íseal, Sraith Salach

**4.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Toisc go bhfuil mé in ann Gaeilge a labhairt tugann sé seo buntáiste dom i mo chuid oibre ó la go lá; gur féidir liom ceangal a dhéanamh le daoine.

**5.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Is dóigh liom go bhfuil an t-ádh liom mo chuid Gaeilge a úsáid agus a chleachtadh i mo chuid oibre gach lá trí chomhrá, plé agus idirbheartaíocht le húinéirí talún agus le feirmeoirí ar fud Chonamara.

**6.Céard é an béile is fearr leat?** Bagún & Cabáiste

**7.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Joyce's (Paddy Festy's) Sraith Salach

**8.Céard é an boladh is fearr leat?** Rósanna, Bláthanna Dúchasacha & Plandaí

**9.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Sopranos

**9.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is caitheamh aimsire agus paisean is mó domsa ná a bheith ag siúl, an oidhreacht & an fheirmeoireacht. Tá suim mhór agam freisin sa stair & sa pholaitíocht.

**12.An tsaoire is mó a bhfuil cuimhní agat uirthi & cén fáth?** Mo mhí na meala i Santiago de Compostela san Spáinn. Áit iontach agus álainn, bhí na daoine iontach, tá cuimhní cinn móra agam.

**13.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Scannáin Choireachta, Pholaitíochta agus Stairiúla

**14.Dá mbeadh tú chun leabhar a cheannach – cén sórt leabhar a cheannófa?** Dírbheathaisnéis – Micheál Martin atá á léamh agam faoi láthair

**15.An noiméad den lá is fearr leat?** An mhaidin – Lá nua, féidearthachtaí nua

**16.An t-am den bhliain is fearr leat?** An tEarrach – séasúr nua – tús nua & saol nua (feirmeoireacht – breith na n-uan)

**17.Aon chomhairle a cuireadh ort?** "Beidh gach rud i gceart.... Tiocfaidh gach rud i gceart"

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Mary Uí Fhlatharta a bhuaigh comórtas mhí Iúil . Tógadh an pictiúr álainn seo ar Lá Fhéile Mhic Dara. Is í Mary an buaiteoir foriomlán don chomórtas grianghrafadóireachta 'Rásaí Báid Seoil Chonamara Láir' (féach ar leathanach a sé).

Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn.

Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas mhí Lúnasa chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir.

## Logainm na Míosa:

Tuaim Beola:

Fathach/taoiseach fíochmhar & áitiúil ab ea Beola. De réir an tseanchais tá sé curtha i mbaile beag Thuaim Beola.

## Seanfhocal na Míosa:

Ní féidir leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga-
Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**